# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2016

# LAIDIN – ARDLEIBHÉAL

(400 marc)

## DÉARDAOIN, 23 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 – 12.00

**1.** **[80]**

**(i)** Cuir Gaeilge ar:- (50)

Daedalus interea Creten longumque perosus
exilium, tactusque soli natalis amore,
clausus erat pelago. “terras licet,” inquit, “et undas
obstruat, at caelum certe patet: ibimus illac.
omnia possideat, non possidet aëra Minos.”
dixit, et ignotas animum dimittit in artes,
naturamque novat. nam ponit in ordine pennas,
a minima coeptas, longa breviore sequenti,
ut clivo crevisse putes. sic rustica quondam
fistula disparibus paulatim surgit avenis.
tum lino medias, et ceris alligat imas,
atque ita compositas parvo curvamine flectit,
ut veras imitetur aves.

**ÓIVID**

**(ii)** Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (30)
(Tá deich marc ag gabháil le gach ceist díobh).

**(a)** Cé hé Míonós? Cén fáth a bhfuil Daedalus agus Icarus á gcoinneáil sa phríosún aige sa Chréit?

**(b)** Mínigh cén fáth a ndéantar cur síos ar na *ignotas ... artes* i líne 6 mar *damnosas ... artes* i sliocht níos deireanaí.

**(c)** Mínigh cén fáth ar cur síos cuí ar na sciatháin í an tsamhail *sic rustica quondam ... avenis* i línte 9-10.

**(d)** Ó na sleachta ar do chúrsa, cén tuairim a fuair tú de charachtar Icarus?

**(e)** Scríobh **go hachomair** ar shaol agus ar shaothar Óivid.

**(f)** Seachas Óivid, cén file eile ar do chúrsa ar bhain tú an taitneamh ba mhó as? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

**2.** Cuir Gaeilge ar:- **[80]**

*(Nuair a shroich siad an Chartaig, chuir an Bhanríon Díodó fáilte is féile mhór roimh Aeinéas agus na Traígh)*

Dido Troianos in hospitio accepit et epulas magnas eis parari iussit. Cum Troiani usque ad mediam noctem gavisi essent, Dido Aenean multa de itinere eius rogavit. Tum Aeneas multa de Troia victa narrabat. Omnes qui eum audiverunt lacrimabant.

“Tandem di naves vestras ad regnum meum duxerunt,” inquit Dido. “Hic igitur manete et in nostra nova urbe tuti et laeti este.”

Multos dies Troiani libenter morabantur et abire nolebant. Aeneas, Italiae et fatorum omnium oblitus, reginam valde amavit. Itaque Carthagini manere volebat.

| | | |
|---|---|---|
| hospitium: *féile* | epulae *(b., iol.)*: *féasta* | usque: *go leanúnach* |
| tutus: *sábháilte* | libenter: *le fonn* | fatum: *cinniúint* |
| obliviscor: *déanaim dearmad ar* | valde: *a lán, mórán* | |

**3.** Léigh an sliocht seo thíos agus freagair **deich gcinn ar bith** de na ceisteanna ina dhiaidh. **[80]**
(Tá ocht marc ag gabháil le gach ceist).

*(Agus rabhadh tugtha ag Iúpatar agus Mearcair dó, caithfidh Aeinéas an Chartaig a fhágáil agus a chinniúint a leanúint)*

Sed tandem, Mercurius, nuntius Iovis, ad Aenean missus, eum monuit ne in urbe maneret. "Pare iussis deorum et abhinc naviga," inquit Mercurius. Aeneas, his verbis Mercurii monitus, Carthagine statim proficisci constituit. Comitibus vocatis omnia clam parari iussit et ante primam lucem e portu exierunt.

Regina Dido, e somno excitata, Aenean frustra ubique petebat. Ad speculam ascendit, unde longe trans mare videre poterat. Tum naves Troianas procul vidit. Iam paene amens ad litus currit. Magna voce nomen Aeneae exclamabat. Tandem eo ipso gladio quem Aeneas ei dederat se necavit. Nam tantum dolorem pati non potuit.

| | | | |
|---|---|---|---|
| abhinc: *uaidh seo* | clam: *go rúnda* | portus: *cuan* | somnus: *codladh* |
| ubique: *gach áit* | specula: *túr faire* | trans: *trasna* | amens: *ar mire* |

**(i)** Cén rabhadh a thug Mearcair d'Aeinéas?
**(ii)** Cad iad na focail bheachta a dúirt Mearcair le hAeinéas?
**(iii)** I ndiaidh na bhfocal sin, cad a bheartaigh Aeinéas a dhéanamh?
**(iv)** Cad a d'ordaigh sé dá chompánaigh a dhéanamh?
**(v)** Cén uair a d'fhág Aeinéas agus na Traígh an cuan?
**(vi)** Cad a rinne Díodó nuair a dhúisigh sí?
**(vii)** Cén fáth a ndeachaigh sí suas sa túr faire?
**(viii)** Cad a chonaic sí ón áit sin?
**(ix)** Agus í curtha ar mire beagnach, cad a rinne Díodó ansin?
**(x)** Cad a rinne Díodó tar éis di ainm Aeinéas a ghlaoch amach?
**(xi)** Cén fáth a ndearna sí é sin?
**(xii)** Cén cineál clásail é *ne in urbe maneret* (línte 1-2)? Cén aimsir agus cén modh ina bhfuil an briathar?
**(xiii)** Tabhair príomhranna **dhá cheann ar bith** de na briathra seo a leanas ón sliocht thuas:-

mitto, moneo, proficiscor, voco, possum.

**(xiv)** Tabhair an Tuiseal Cuspóireach, Uimhir Iolra i gcás **trí cinn ar bith** de na hainmfhocail seo a leanas ón sliocht thuas:-

nuntius, urbs, verbum, regina, mare.

**4.** Freagair Roinn A **nó** Roinn B. (Tá ochtó marc ag gabháil le gach roinn). **[80]**

**A.** Cuir Laidin ar:-

**(a)** Nuair a bhí Aeinéas ag seoladh chuig an Iodáil, tháinig sé go dtí an tSicil lena chompánaigh. (16)

**(b)** Chonaic siad ann an t-aoire Polaiféamas, arbh arracht ollmór é. (16)

**(c)** Tháinig Polaiféamas síos go dtí an cladach chun a shúil ghortaithe a ní. (16)

**(d)** Scread an t-aoire amach in ard a ghutha mar nárbh fhéidir leis breith ar na longa. (16)

**(e)** Bhí an oiread sin sceimhle ar na Traígh gur fhág siad an t-oileán go han-tapa. (16)

| | | |
|---|---|---|
| *Aeinéas*: Aeneas, -ae, *f.* | *An Iodáil:* Italia, -ae, *b.* | *An tSicil*: Sicilia, -ae, *b.* |
| *Polaiféamas*: Polyphemus, -i, *f.* | *arracht*: monstrum, -i, *n.* | *Traíoch*: Troianus, -i, *f.* |

**NÓ**

**B.** Cuir Gaeilge ar:-

*(I ndiaidh dó dul faoi dhídean Rí Prusias na Bitíne, mharaigh Hannabal é féin nuair a thimpeallaigh na Rómhánaigh é)*

Postquam a Romanis superatus est, Hannibal alios reges contra Romanos adiuvabat. Tandem a Romanis secutus, Hannibal se celabat in <u>castello</u> quod ei a rege Prusia datum erat. Rex <u>castellum</u> sic <u>aedificaverat</u> ut in omnibus muris multas ianuas haberet.

Cum milites Romani nocte advenissent, <u>castellum</u> <u>obsederunt</u>. Puer ab ianua spectans Hannibali dixit plurimos milites ibi convenire. Hannibal ei imperavit ut ad omnes ianuas iret atque sibi nuntiaret num omnes eodem modo <u>obsiderentur</u>.

Puer Hannibali nuntiavit omnes ianuas clausas esse. Cum Hannibal a Romanis capi nollet, <u>venenum</u> bibit.

castellum: *daingean*
aedifico: *tógaim*
obsideo: *cuirim faoi léigear, imshuím*
venenum: *nimh*

**5. Stair na Róimhe, 264 – 44 R.Ch.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

- **(i)** Cad ba *corvus* ann agus cén tairbhe a bhain na Rómhánaigh as sa Chéad Chogadh Púnach?
- **(ii)** Déan cur síos ar an mbealach a ndeachaigh Hannabal chun ionradh a dhéanamh ar an Iodáil sa Dara Cogadh Púnach.
- **(iii)** Cad a chiallaíonn *delenda est Carthago*? Cé a bhain úsáid as na focail sin?
- **(iv)** Cén chaoi a bhfuair Scipio Aemilianus na teidil Numantinus agus Africanus?
- **(v)** Mínigh cad is ciall leis an téarma *latifundia.*
- **(vi)** Cérbh é Viriathus? Cén chaoi ar chothaigh sé trioblóid do na Rómhánaigh?
- **(vii)** Cérbh iad miúileanna Mhairias? Cén chaoi a bhfuair siad an t-ainm sin?
- **(viii)** Cé a thug isteach *leges Corneliae*? Déan cur síos ar cheann amháin dá phríomhaidhmeanna.
- **(ix)** Cérbh é Spartacus? Cén chaoi a ndearna sé bagairt ar an Róimh?
- **(x)** Cad ab ea **dhá** mhórghníomh a bhain Poimpéas Mór amach?

**B.** Bhí **Publius Scipio Africanus Maior** ar cheann de na ceannairí míleata ba mhó de chuid na Róimhe agus chuir sé Hannabal faoi chois. Déan cur síos ar na príomheachtraí ina ghníomhréim. (20)

**NÓ**


Déan cur síos ar na príomhchéimeanna i ngníomhréim **Gaius Iúil Caesar** agus ar na mórghníomhartha a bhain sé amach. Mínigh cén fáth ar maraíodh é. (20)

**6. Saol Sóisialta agus Sibhialtacht na Rómhánach.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

**(i)** Cén fheidhm a bhíodh le *bulla*?
**(ii)** Cad ba *Lares* agus *Penates* ann?
**(iii)** Cad ab ea príomhdhualgais *censor* sa tsochaí Rómhánach?
**(iv)** Déan cur síos ar phríomhghnéithe agus ar fheidhm an hipeacóist.
**(v)** Déan cur síos ar an gcineál imeachta a bhíodh ar siúl sa *Circus Maximus*.
**(vi)** Cén ról a bhí ag an *paterfamilias* i dteaghlach Rómhánach?
**(vii)** Ainmnigh **dhá** shaghas gliaire. Déan cur síos ar an gcaoi a mbíodh gach saghas acu armáilte.
**(viii)** Cén ról a bhí ag an *tribunus plebis* i saol polaitiúil na Róimhe?
**(ix)** Cad ab ea na *fasces*? Cad dó ar sheas siad?
**(x)** Cad ab ea an *triclinium* i dteach Rómhánach? Cad iad na príomhghnéithe a bhain leis?

**B.** Féach ar an léaráid thíos de mhórshiúl sochraide ar sharcafagas Rómhánach agus freagair na ceisteanna ina diaidh:-



Baineadh an léaráid as www.museumsyndicate.com/images

**(i)** Déan cur síos ar an méid atá ag tarlú sa tsnoíodóireacht rilífe thuas. (4)

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** nós a bhain le sochraidí Rómhánacha. (4)

**(iii)** Samhlaigh gur seanadóir Rómhánach tú. Scríobh *laudatio funebris* (óráid sochraide) ar son cara agus comhghleacaí oirirc atá díreach tar éis bháis. (12)

**NÓ**

Samhlaigh gur buachaill nó cailín Rómhánach tú. Scríobh litir chuig cara leat sna proibhinsí ina ndéanann tú cur síos ar shochraid a bhfuil tú díreach tar éis freastal uirthi. (12)

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán

Leathanach Bán